



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020

Scoileanna Caitliceacha: Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia

Scoileanna Caitliceacha: Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia

Tugann Seachtain na Scoileanna Caitliceacha deis in aghaidh na bliana do na Scoileanna Caitliceacha ceiliúradh a dhéanamh ar an eispéireas oideachasúil a thugtar do phobal na scoileanna, agus a bhaineann le saol a chaitheamh ag cur fíis agus misean an oideachais Chaitlicigh i gcrích. Cabhraíonn Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020 leis na Scoileanna Caitliceacha, maidir le machnamh agus ceiliúradh a dhéanamh ar an misean agus ar an fhís uathúil a chuirtear os a gcomhair, ag déanamh tagairt don ionad lárnach a bheadh ag an ngaol atá againn le Dia, leis an duine eile, agus le gach ar chruthaigh Dia a bheith ag croílár an cheiliúrtha. Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020 ná 'Scoileanna Caitliceacha: Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia' agus tugaimid cuireadh do na scoileanna Caitliceacha machnamh a dhéanamh, agus ceiliúradh ar an ngaol láidir seo i gcomhthéacs an teaghlach, na scoile agus an pharóiste, trí pháirt a ghlacadh in dhá thráth chaiticeasmach.

Tráth Ullmhúcháin Caiticeasmach – Mí na Samhna 2019 'Mí na Marbh'

Cuirfear tráth ullmhúcháin caiticeasmach Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020 ar fáil i Mí na Samhna, Mí na Marbh. Níor lean Íosa Críost leis, i measc na marbh. Is de bharr a aiséirí agus a dheascabháil a ghlóiríodh é, ionas gur tháinig claochlú air. Dá bharr san, beidh an tráth ullmhúcháin bunaithe ar an ngealltanas sochreidte a thug Íosa dúinn nuair a dúirt sé, "Mise an t-aiséirí agus an bheatha; An té a chreideann ionamsa, fiú amháin má fhaigheann sé bás, mairfidh sé" (Eoin 11:25-6). Bíonn an dóchas ionainn mar Chríostaithe, nach é an bás deireadh na scríbe, ach go n-athaontófar ina dhiaidh le hÍosa go síoraí ar neamh sinn. Má ghlacann pobail na scoileanna

Caitliceacha páirt ghníomhach sa tráth ullmhúcháin seo, cuirfear deis iontach ar fáil dóibh ceiliúradh lúcháireach a dhéanamh ar an gcreideamh atá iontu i leith na Cásca.

I rith Mhí na Samhna (Mí na Marbh), déanann an Eaglais, mar chomhlúadar na dteaghlach, ceiliúradh orthu san atá ar shlí na fírinne, agus creideamh an aiséirí iontu. Nuair a bhímid féin ag smaoineamh ar na daoine sin i rith Mhí na Samhna, tugaimid cuireadh do na bunscoileanna agus do na hlar-bhunscoileanna Caitliceacha dul i ngleic leis na hacmhainní a chuirfear ar fáil mar chuid den ullmhúchán le haghaidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020. Fréamhaítear na hacmhainní seo go hiomlán i gcreideamh na Cásca. Ar an mbealach seo, is cabhair mhór gach acmhainn acu maidir leis an machnamh agus an ceiliúradh a dhéanadh pobal na scoileanna Caitliceacha i rith Mhí na Marbh agus iad ag ullmhú le ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020, a thosóidh ar an Domhnach 26 Eanáir 2020.

Acmhainní Bunscoile:

- ★ Acmhainn ábhartha ó churaclam an oideachais reiligiúnaigh Chaitlicigh do réamhscoileanna agus do bhunscoileanna na hÉireann
- ★ Ceacht Shóisearach (Naíonáin Shóisearacha – Rang 2/P1–P4)
- ★ Ceacht Shinsearach (Rang 3 – Rang 6/P5–P7)
- ★ Seirbhís Chuimhneacháin Urnaí

Acmhainní Iar-bhunscoile:

- ★ 1 x Plean Ceachta don tSraith Shóisearach
- ★ 1 x Plean Ceachta don tSraith Shinsearach
- ★ 1 x Acmhainn Liotúirgeach





Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020

Scoileanna Caitliceacha: Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia

Scoileanna Caitliceacha: Maireachtáil go Sítheach Le Gach ar Chruthaigh Dia

Beidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020 á reáchtáil againn ón 26 Eanáir go 2 Feabhra 2020. Mar a tharla le blianta beaga anuas, beidh téama áirithe ann do gach lá de Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020 agus acmhainn a ghabhann leis ar fáil do na grúpaí seo leanas:

Bunscoileanna

- ★ Naíonáin Shinsearach & Naíonáin Shóisearacha (P1 & 2)
- ★ Rang 1 & Rang 2 (P3 & 4)
- ★ Rang 3 & Rang 4 (P5 & 6)
- ★ Rang 5 & Rang 6 (P7)

Iar-bhunscoileanna

- ★ 3 x Pleananna Ceachta/Sraith Shóisearach (Luan, Máirt, Déardaoin)
- ★ 2 x Pleananna Ceachta/Sraith Shinsearach (Céadaoin, Aoine)
- ★ 1 x Acmhainn Liotúirgeach
- ★ 1 x Machnamh don Bhord Bainistíochta agus don Fhoireann

Is iad téamaí an lae ná:

Luan: Maireachtáil go Sítheach le Dia

Máirt: Maireachtáil go Sítheach leis na Comharsana

Céadaoin: Lá na Seantuismitheoirí/Oideachas Idirghlúine

Déardaoin: Maireachtáil go Sítheach leis an Domhan
Timpeall Orainn

Aoine: Maireachtáil go Sítheach sa scoil Chaitliceach

Ar an gCéadaoin, beidh Lá na Seantuismitheoirí á cheiliúradh againn. Beidh moltaí áirithe againn maidir le hobair agus le gníomhaíochtaí na ndaltaí ar an lá sin.

Cuirfear seirbhís urnaí ar fáil le húsáid ar scoil nó sa seomra ranga, agus moltaí maidir le ceiliúradh a dhéanamh sa pharóiste ar an Domhnach, 26 Eanáir 2020.

Beidh gach acmhainn ar fáil as Gaeilge agus i mBéarla ag:
www.catholicsschools.ie

